2012. M23T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 12.20

**Scrúduimhir**

**Don scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon** Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc Iomlán** | **Scr. Comh.** | **Scr. Ach.** |
|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | |
| Ceist 2 | | | |
| Ceist 3 | | | |
| Ceist 4 | | | |
| Ceist 5 | | | |
| Ceist 6 | | | |
| Ceist 7 | | | |
| Ceist 8 | | | |
| Ceist 9 | | | |
| Ceist 10 | | | |
| Ceist 11 | | | |
| Ceist 12 | | | |
| Marc Carnach | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | |
| **Marc Glan** | | | |

**Nóta: Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfear marcanna.**


**CUID 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

Freagair **DEICH** gceist.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Gníomhaíocht Bholcánach**













(i) Scrúdaigh na fótagraif thuas agus meaitseáil go cruinn gach ceann de na litreacha ar na fótagraif le ceann **amháin** de na gnéithe ainmnithe sa tábla thíos.

| Gné | Litir |
|---|---|
| Sreabhadh laibhe | |
| Scamall luatha | |
| Géasar | |
| Cráitéar | |

(ii) Scríobh ainm bolcáin ar bith sa spás thíos.

________________________________________

**[10m]**

**2.** **Gníomhaíochtaí Geilleagracha**

Sa tábla thíos, scríobh an chatagóir (Príomhúil/Tánaisteach/Treasach) lena mbaineann gach gníomhaíocht gheilleagrach ainmnithe.
Tá ceann amháin déanta duit.

| Gníomhaíocht Gheilleagrach | Catagóir |
|---|---|
| Foraoiseacht | |
| Turasóireacht | |
| Déantúsaíocht | |
| Talmhaíocht | |
| Seirbhísí | |
| Mianadóireacht | Príomhúil |

**[10m]**

**3.** **Próisis Fhisiceacha**

Meaitseáil an míniúchán ar an bpróiseas le hainm an phróisis agus scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás.

| Litir | Míniúchán ar an bPróiseas |
|---|---|
| **A** | Bristear carraigeacha mar thoradh ar oighear ag reo agus ag coscairt. |
| **B** | Déanann an t-ualach caitheamh ar bhruach abhann. |
| **C** | Téann portach ar maos in uisce agus sreabhann sé le fána go tobann. |
| **D** | Briseann tonn ar thrá agus sreabhann ar ais chun na farraige. |
| **E** | Déanann ceimiceáin san uisce caitheamh ar charraigeacha. |

| Ainm an Phróisis | Litir |
|---|---|
| Borruisce agus cúlchaise | |
| Brúchtadh portaigh | |
| Reo is coscairt | |
| Tuaslagadh | |
| Scríobchaitheamh | |

**[10m]**

**4.** **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Ríomh achar na léarscáile ina chiliméadair chearnacha.
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

| |
|---|
| |

(ii) Tomhais fad Abhainn na Sionainne, ina chiliméadair, ón gcéad áit a bhfuil sí le feiceáil ar an léarscáil ag **G 953 040** go dtí an droichead ag Cora Droma Rúisc ag **M 938 993**.
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

| |
|---|
| |

**[10m]**

**5.** **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh na gnéithe atá le fáil ag gach ceann de na tagairtí eangaí a leanas.

M 936 996 ____________________________

M 983 953 ____________________________

G 896 017 ____________________________

G 885 013 ____________________________

(ii) Sa bhosca thíos, tarraing an tsiombail do Líne Tharchuir Leictreachais ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

| |
|---|
| |

**[10m]**

**6. Aerfótagraf agus Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

(i) Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chora Droma Rúisc a thugtar leis an bpáipéar seo.

Scríobh síos suíomh gach ceann díobh seo a leanas agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat (cúlra ar dheis etc.):

Carrchlós ______________________________

Droichead ______________________________

Eaglais ______________________________

(ii) Scrúdaigh Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo. Samhlaigh go bhfuil tú ag tiomáint ó Lios na mBreac (Lisnabrack) ag **G 943 005** ar feadh an R280 i dtreo Dhroim Sheicil (Drumheckil) ag **G 961 030**. Cén treo ina mbeifeá ag taisteal?

________________________________________________________

(iii) Luaigh píosa **amháin** fianaise ón aerfótagraf a thugann le tuiscint gur baile turasóireachta é Cora Droma Rúisc.

________________________________________________________

**[10m]**

**7. Tírghnéithe Fisiceacha**

Meaitseáil na tírghnéithe le hainm an phróisis a fhoirmíonn é agus scríobh an litir cheart sa tábla thíos, i ngach cás.

| Litir | Tírghné |
|---|---|
| **A** | V-ghleann |
| **B** | Adharc phirimidiúil |
| **C** | Tambaló |
| **D** | Clár tonnghearrtha |
| **E** | Droimnín |

| Ainm an Phróisis | Litir |
|---|---|
| Sil-leagan oighreach | |
| Creimeadh abhann | |
| Creimeadh muirí | |
| Sil-leagan muirí | |
| Oighearchreimeadh | |

**[10m]**

## 8. Íomhánna Satailíte













(i) Scrúdaigh na híomhánna satailíte thuas agus meaitseáil an cur síos thíos leis an íomhá cheart, agus scríobh an litir cheart sa tábla thíos, i ngach cás.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Mianach i ngaineamhlach. | |
| Calafort farantóireachta mór. | |
| Stáisiún traenach agus bus. | |
| Eastát tionsclaíochta. | |

(ii) Ainmnigh slí **amháin** ar féidir úsáid a bhaint as íomhánna satailíte.

______________________________________________

**[10m]**

## 9. Daonáireamh na hÉireann

| An Daonra i gCeantair na nÚdarás Réigiúnach in Éirinn, 2006-2011 | | | |
|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **2006** | **2011** | **Méadú ar an Daonra** |
| An Teorainn | 468,000 | 514,000 | 46,000 |
| Baile Átha Cliath | 1,200,000 | 1,270,000 | 70,000 |
| An Lár-Oirthear | 475,000 | 530,000 | 55,000 |
| An Réigiún Lár Tíre | 252,000 | 282,000 | 30,000 |
| An Meán-Iarthar | 361,000 | 378,000 | 17,000 |
| An tOir-Dheisceart | 461,000 | 497,000 | 36,000 |
| An tIar-Dheisceart | 621,000 | 663,000 | 42,000 |
| An tIarthar | 414,000 | 445,000 | 31,000 |
| **Iomlán** | **4,252,000** | **4,579,000** | **327,000** |

Curtha in oiriúint ó Réamhthuairisc na Príomh-Oifige Staidrimh ar Dhaonáireamh 2011

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an daonra i gceantair na n-údarás réigiúnach in Éirinn agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén daonra iomlán a bhí in Éirinn sa bhliain 2006?

_______________________________________________

(ii) Cén méadú a tháinig ar dhaonra iomlán na hÉireann idir 2006 agus 2011?

_______________________________________________

(iii) Gan ceantar Bhaile Átha Cliath a áireamh, cén réigiún ina raibh an daonra ab airde sna blianta 2006 agus 2011 araon?

_______________________________________________

(iv) Cén réigiún inar tháinig an méadú ba lú ar an daonra idir 2006 agus 2011?


_______________________________________________

(v) Luaigh cúis **amháin** gurb é Baile Átha Cliath an réigiún ina bhfuil an daonra is airde.

_______________________________________________

**[10m]**

## 10. Cairteacha Aimsire




Scrúdaigh an chairt aimsire thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil an dá litir ar an gcairt aimsire thuas, **A** agus **B**, leis an bhfronta ceart sa tábla thíos.

| **Fronta** | **Litir** |
|---|---|
| Fronta Fuar | |
| Fronta Te | |

(ii) Cad dó a seasann na litreacha H agus L sa chairt aimsire thuas (i mBéarla atá na focail)?

H ______________________

L ______________________

(iii) Cad é an brú baraiméadrach is ísle os cionn an Atlantaigh siar ó dheas ó Éirinn?

____________________________________________

(iv) Cén t-ainm a thugtar de ghnáth ar aeráid na hÉireann?

____________________________________________

**[10m]**

## 11. Carraigeacha




Scrúdaigh an fótagraf thuas de limistéar basailt in Éirinn agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) An bruthcharraig **nó** carraig dhríodair **nó** carraig mheiteamorfach é basalt?

________________________________________

(ii) Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart.
‘Foirmítear basalt trí fhuarú laibhe ar dhromchla an Domhain.’

| | |
|---|---|
| Fíor | |
| Bréagach | |

(iii) Ar tógadh an fótagraf seo i mBoirinn, Co an Chláir **nó** ag Clochán an Aifir, Co Aontroma?

____________________________________________________

(iv) Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart.
‘Criostail mhóra atá i mbasalt den chuid is mó.’

| | |
|---|---|
| Fíor | |
| Bréagach | |

(v) Ainmnigh slí **amháin** a mbaintear úsáid as carraigeacha.

____________________________________________________

**[10m]**

**12. Réigiúin**

Meaitseáil an cur síos ar réigiún leis an sampla den réigiún, agus scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás.

| Litir | Cur Síos ar Réigiún |
|---|---|
| **A** | Cathair i gcroí-réigiún. |
| **B** | Réigiún eacnamaíoch tearcfhorbartha. |
| **C** | Réigiún a shainmhínítear de réir teanga agus cultúir. |
| **D** | Réigiún a shainmhínítear de réir tosca aeráide ar nós teochta agus fliuchrais. |
| **E** | Réigiún a shainmhínítear de réir tosca fisiceacha ar nós rilíf. |

| Sampla den Réigiún | Litir |
|---|---|
| Na hAlpa | |
| Páras | |
| An Mheánmhuir | |
| Deisceart na hIodáile / Mezzogiorno | |
| An Réigiún Bascach na Spáinne | |

**[10m]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

- **CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

# Ceist 1

## A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar agus ar an tsracléarscáil sin **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Abhainn na Sionainne
- Limistéar ina bhfuil coillearnach mheasctha
- Oakport Lough
- Canáil Baile Shéamais (Jamestown Canal)
- Limistéar talún níos mó ná 120 méadar os cionn na farraige in oirthuaisceart na léarscáile.

**[30m]**

## B. Carraigeacha

(i) Ainmnigh carraig dhríodair **amháin** agus ainmnigh áit **amháin** in Éirinn ina bhfaightear an charraig seo.

(ii) Ainmnigh carraig mheiteamorfach **amháin** agus ainmnigh áit **amháin** in Éirinn ina bhfaightear an charraig seo.

(iii) Déan cur síos ar conas a fhoirmítear carraigeacha dríodair **nó** carraigeacha meiteamorfacha.

**[40m]**

## C. Teicteonaic Phlátaí

(i) Ainmnigh pláta teicteonach **amháin** ar screamh an domhain.


(ii) Cén t-ainm a thugtar ar an limistéar creathanna talún agus bolcán a shíneann timpeall an Aigéin Chiúin?

(iii) Déan cur síos go mion ar conas a tharlaíonn bolcáin.

**[30m]**

## Ceist 2

**A. Struchtúr Inmheánach an Domhain**




(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na hainmneacha a leanas leis an litir cheart ón léaráid thuas:

- An Screamh
- An Croí Amuigh
- An Maintlín
- An Croí Istigh.

(ii) Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le bolcáin.

**[30m]**

**B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, agus léaráidí á n-úsáid agat, conas a foirmíodh aon **dá** thírghné dhifriúla in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**NÓ**

(ii) Déan cur síos agus míniú ar aon **dá** phróiseas ollghluaiseachta.

**[40m]**

**C. Fillsléibhte**

(i) Ainmnigh fillsléibhte **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Mínigh, agus léaráid(í) á n-úsáid agat, conas a fhoirmítear fillsléibhte.

**[30m]**

## Ceist 3

**A. Creathanna Talún**

> **Croitheann Crith Talún an tSeapáin**
>
> Bhí sé seo ar cheann de na creathanna talún ba threise atá ar taifead i stair na Seapáine. Bhí méid 8.9 ann. Tharla na creatháin de thoradh ar ghrinneall na farraige a bheith á ardú le foréigean 80 míle amach ó chósta chathair Sendai.
>
> Tharla an crith talún ag doimhneacht 15 mhíle faoi ghrinneall na farraige. Ba é seo an séú crith talún ba mhó sa domhan ón mbliain 1900 i leith, nuair a tosaíodh ar thaifead seismeolaíochta a choimeád.
>
> Ghluais an súnámaí trasna an Aigéin Chiúin ar luas 500 míle san uair. Bhí na tonnta ba mhó 7 méadar ar airde (beagnach 23 troigh) in oirthuaisceart na Seapáine.
>
> Curtha in eagar as www.guardian.co.uk

Léigh an cuntas thuas ar an súnámaí sa tSeapáin a tharla i mí an Mhárta 2011 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén méid a bhí sa chrith talún?

(ii) Ainmnigh an chathair ba chóngaraí don chrith talún.

(iii) Cén doimhneacht ag ar tharla an crith talún?

(iv) Cén luas a bhain an súnámaí amach agus é ag gluaiseacht trasna an Aigéin Chiúin?

(v) Mínigh go hachomair conas mar a tharlaíonn súnámaí.

**[30m]**


**B. Idirghníomhaíocht an Duine**

Déan cur síos agus míniú ar conas a dhéanann an duine iarracht ar cheann **amháin** de na próisis dromchla a leanas a smachtú:

- Próisis abhann
- Próisis farraige
- Ollghluaiseacht.

**[30m]**

C. **Tírdhreach Carstach**




Scrúdaigh an léaráid de thírdhreach carstach thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh na **trí** gnéithe marcáilte **A**, **B** agus **C**.

(ii) Ainmnigh gné **amháin** eile a fhaightear i dtírdhreacha carstacha.

(iii) Mínigh agus léaráid á húsáid agat, conas a fhoirmítear gné **amháin** ar bith i réigiún carstach.

**[40m]**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

**A. Scileanna Léarscáile**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.
Ar an tsracléarscáil seo, **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe amháin
- Dhá bhaile nó dhá chathair ainmnithe
- Sliabhraon ainmnithe amháin.

**[30m]**

**B. Talmhaíocht i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Mínigh conas a imríonn **dhá** cheann acu seo a leanas tionchar ar fhorbairt na talmhaíochta i Réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Rilíf agus ithreacha
- Aeráid
- Margaí.

**[30m]**

**C. Gníomhaíochtaí Geilleagracha in Éirinn**


- Turasóireacht
- Iompar
- Déantúsaíocht.

Déan cur síos ar an tábhacht a bhaineann le **dhá** cheann ar bith de na gníomhaíochtaí thuas i **réigiún in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[40m]**

## Ceist 5

### A. Turasóireacht na hÉireann




Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann líon na dturasóirí a thug cuairt ar Éirinn ó 2005 go dtí 2010 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain inar thug an líon ab airde cuairteoirí cuairt ar Éirinn?

(ii) Cén bhliain inar thug an líon ab ísle cuairteoirí cuairt ar Éirinn?

(iii) Ríomh an laghdú ar líon na dturasóirí ón mbliain ab airde go dtí an bhliain ab ísle.

(iv) Ainmnigh **dhá** rud ar bith a mheallann turasóirí go hÉirinn.

(v) Mínigh go hachomair cén fáth a bhfuil laghdú tagtha ar líon na dturasóirí a thugann cuairt ar Éirinn le blianta beaga anuas.

**[30m]**

### B. Fairsingiú an Aontais Eorpaigh agus Éire ó 2000

(i) Ainmnigh **dhá** thír a tháinig isteach san Aontas Eorpach ón mbliain 2004 i leith.

(ii) Mínigh iarmhairt dhearfach **amháin** a bhí ag fairsingiú an Aontais Eorpaigh ar Éirinn.

(iii) Mínigh iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhí ag fairsingiú an Aontais Eorpaigh ar Éirinn.

**[40m]**

### C. Réigiúin Uirbeacha

Déan cur síos ar **dhá** chúis le fás ceantar uirbeach in aon réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 6

### A. Éire - Réigiúin

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.
Ar an tsracléarscáil seo **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Réigiún amháin a bhfuil staidéar déanta agat air
- Abhainn ainmnithe amháin sa réigiún
- Sliabh ainmnithe amháin sa réigiún
- Baile nó cathair ainmnithe amháin sa réigiún.

**[30m]**

### B. Réigiún Eorpach

Mínigh conas a imríonn **dhá** cheann ar bith acu seo a leanas tionchar ar fhorbairt thionscal na déantúsaíochta i **réigiún Eorpach** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Iompar
- Amhábhair
- Margaí
- Polasaithe an rialtais agus an Aontais Eorpaigh.

**[40m]**

### C. Fadhbanna Réigiúnacha

Dean cur síos ar **dhá** fhadhb atá roimh aon réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.
Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Muiríne le báid
- Limistéar tionsclaíochta
- Droichead
- Carrchlós
- Dhá bhóthar a bhuaileann le chéile.

**[30m]**

**B. Cuideachtaí Ilnáisiúnta (MNC)**

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá ag feidhmiú in Éirinn **agus** luaigh cá bhfuil sí lonnaithe.

(ii) Déan cur síos ar chúis **amháin** ar roghnaigh an chuideachta ilnáisiúnta a ainmníodh i gcuid (i) thuas, an suíomh sin.

(iii) Ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta seo **agus** ainmnigh **dhá** mhargadh ina ndíoltar an táirge.

(iv) Mínigh **dhá** shlí a ndéanann rialtas na hÉireann cuideachtaí ilnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn.

**[40m]**

**C. Geilleagar i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh geilleagar **amháin** i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Déan cur síos ar iarmhairtí an choilíneachais ar an ngeilleagar seo i mbéal forbartha.

**[30m]**

## Ceist 8

### A. An Dífhostaíocht in Éirinn

**Rátaí dífhostaíochta in Éirinn (%) i mí Lúnasa, 2008 - 2011**

| Bliain | Céatadán |
|---|---|
| 2008 | 6.8% |
| 2009 | 12.4% |
| 2010 | 13.5% |
| 2011 | 14.4% |

www.cso.ie

Scrúdaigh na sonraí thuas ar rátaí dífhostaíochta in Éirinn.

(i) Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cúis **amháin** leis an ardú atá tagtha ar an dífhostaíocht in Éirinn.

**[30m]**

### B. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Samhlaigh go bhfuil sé de chúram ort suíomh oiriúnach a aimsiú ina dtógfaí ionad athchúrsála don bhaile.

(i) Luaigh go soiléir cá gcuirfeá an t-ionad athchúrsála agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat.

(ii) Mínigh cúis **amháin** i bhfabhar an tsuímh seo agus mínigh cúis **amháin** i gcoinne an tsuímh seo.

**[30m]**

### C. Athrú Aeráide

'Creideann mórán eolaithe go bhfuil athruithe móra ag teacht ar aeráid an domhain agus gur gníomhaíochtaí an duine is cúis leo.'

(i) Ainmnigh **dhá** chúis le hathrú aeráide.

(ii) Mínigh aon cheann **amháin** de na cúiseanna le hathrú aeráide a ainmníodh i gcuid (i).

(iii) Déan cur síos ar iarmhairt **amháin** ag athrú aeráide ar an domhan sa lá atá inniu ann.

**[40m]**

## Ceist 9

**A. Forbairt Gheilleagrach**

**Treoiruimhir na Forbartha Daonna (HDI), 2011**

| Tír | Treoiruimhir na Forbartha Daonna | Ionchas saoil ag am breithe (blianta) | Blianta scolaíochta tuartha |
|---|---|---|---|
| Éire | 0.908 | 80.6 | 18.0 |
| An Iorua | 0.943 | 81.1 | 17.3 |
| An Aetóip | 0.363 | 59.3 | 8.5 |
| An Phacastáin | 0.504 | 65.4 | 6.9 |
| An Nígir | 0.295 | 54.7 | 4.9 |

Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén tír ina bhfuil an Treoiruimhir Forbartha Daonna (HDI) is ísle?

(ii) Cén tír ina bhfuil an t-ionchas saoil is airde?

(iii) Cén tír ina bhfuil an líon is ísle blianta scolaíochta tuartha?

(iv) Ainmnigh tír **amháin** ar an tábla thuas atá i mbéal forbartha.

(v) Mínigh go hachomair an chúis le do rogha tír i gcuid (iv).

**[30m]**

**B. Éire agus an tAontas Eorpach**

Faigheann geilleagar na hÉireann maoiniú ón Aontas Eorpach tríothu seo a leanas:

- An Comhbheartas Talmhaíochta (CAP)
- An Comhbheartas Iascaireachta (CFP)
- An Ciste Forbraíochta Réigiúnaí (RDF)
- Maoiniú Sóisialta.

Roghnaigh aon cheann **amháin** díobh sin thuas agus mínigh go mion conas a dhéanann sé maitheas do gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

**C. Gníomhaíochtaí Geilleagracha agus Coimhlint**

'Is féidir go mbeadh coimhlint idir dhaoine mar thoradh ar shaothrú acmhainní nádúrtha agus ar fhorbairt gníomhaíochtaí geilleagracha.'

(i) Ainmnigh sampla de choimhlint **amháin** dá leithéid a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Déan cur síos ar an bhfáth ar thosaigh an choimhlint seo.

(iii) Déan cur síos ar réiteach **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ar an gcoimhlint seo.

**[40m]**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**A. Eisimirce as Éirinn**

**Comhchuid d'athrú bliantúil an daonra - Eisimirce**

| Bliain | Iomlán |
|---|---|
| 2005 | 29,000 |
| 2007 | 42,000 |
| 2009 | 65,000 |
| 2011 | 76,000 |

Curtha in oiriúint ó fhigiúirí POS

Scrúdaigh na sonraí thuas ar an eisimirce as Éirinn.

(i) Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh cúis **amháin** leis an ardú atá tagtha ar an eisimirce.

**[30m]**

**B. Forbairt Bailte**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf agus an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Agus an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis **agus** an t-aerfótagraf araon á n-úsáid agat, mínigh **trí** chúis ar fhás baile Chora Droma Rúisc sa suíomh ina bhfuil sé.

**[40m]**

**C. Ródhaonra**

(i) Mínigh cad is brí leis an téarma 'ródhaonra'.

(ii) Déan cur síos go mion ar **dhá** fhadhb atá ann mar thoradh ar an ródhaonra in aon réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 11

### A. Talamhúsáid i mBailte na hÉireann

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.
Ar an tsracléarscáil sin **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Foirgneamh neamhchríochnaithe
- Sraith d'árasáin nua-aimseartha
- Príomhshráid siopadóireachta
- Eaglais
- Limistéar caitheamh aimsire (fóillíochta).

**[30m]**

### B. Fadhbanna Tráchta

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat (cúlra ar dheis etc), tabhair **dhá** shuíomh ar an aerfótagraf a bhféadfadh fadhb a bheith ann le plódú tráchta i gCora Droma Rúisc.

(ii) Roghnaigh ceann **amháin** de na suímh a roghnaíodh i gcuid (i) agus, ag baint úsáide duit as fianaise as an aerfótagraf, mínigh cén fáth a bhféadfadh plódú tráchta a bheith ann sa suíomh sin.

(iii) Scrúdaigh go mion réiteach **amháin** a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bplódú tráchta seo.

**[30m]**

### C. Fadhbanna Uirbeacha

(i) Ainmnigh cathair i mbéal forbartha **nó** cathair fhorbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.


(ii) Mínigh **dhá** fhadhb a d'eascair as fás na cathrach a ainmníodh i gcuid (i).

(iii) Déan cur síos ar **dhá** réiteach ar na fadhbanna seo.

**[40m]**

## Ceist 12

### A. Daonra na hÉireann




Scrúdaigh an chairt thuas a léiríonn daonra na hÉireann ó 2000 go dtí 2010 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain ab ísle a bhí daonra na hÉireann?

(ii) Cén daonra a bhí in Éirinn sa bhliain 2004?

(iii) Cén t-ardú a tháinig ar dhaonra na hÉireann idir 2000 agus 2010?

(iv) Mínigh cúis **amháin** leis an ardú seo ar an daonra.

(v) Déan cur síos ar fadhb **amháin** a bheidh roimh rialtais na hÉireann mar thoradh ar an ardú daonra seo.

**[30m]**

### B. Sraoilleáil Uirbeach

(i) Mínigh **dhá** chúis leis an tsraoilleáil uirbeach i gcathair ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Mínigh **dhá** fhadhb a bhíonn ann mar thoradh ar an tsraoilleáil uirbeach seo.

**[40m]**

### C. Daonra

'Ar na dúshláin is mó atá roimh rialtais na hEorpa amach anseo ná déileáil le haosú an phobail.'
Déan cur síos ar na deacrachtaí a chothaítear i dtír mar thoradh ar aosú an phobail.

**[30m]**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán